An Caladh,
Sráid na Trá,
An Daingean,
Co.Chiarraí.

11.2.2008

Tag: Ceantair Toghacháin an Daingin, Co.Chiarraí

A Chara,

Tá na cúiseanna gur cheart teoranacha toghacheantar an Daingean a choiméad mar atá sé, leagtha amach anseo.

1.Daonra
139,835 duine a bhí I gCiarraí I 2006. 27 Comhairleoir atá tofa sa chontae,sin mean de timpeall 5,000 in aghaidh an comhairleoir. 14,477 an daonra a bhí I dtoghacheantar an Daingin. Triúr comhairleoir a dheineann ionadaíocht ar an réigiúin, mean 5,000 in aghaidh an comhairleoir. Mar sin is beag difríocht idir meár ionadaíocht an Daingin agus an Chontae.

2.Poinnte Teagmhála an Cheantair.
Sé baile an Daingin lár ionad an toghacheantar seo. Taistealaíonn furmhór an daonra go dtí an Daingean le haghaidh obair, caitheamh aimsire agus na seirbhisí atá ar fáil ann mar shampla seirbhisí leighis,otharcarr, fiaclóir,bainc,leabharlann, .Tá ceannceathrúin na nGardaí sa Daingean, ceannceathrúin áitiúla Cmhairle Chontae Chiarraí, ceanncheathrúin gnó talmhaíocht Grúpa Chiarraí. Is é lár ionad turaseoireachta an réigiúin é agus is ann atá an Meán Scoil. Tá an Marglann sa bhaile agus ceannceathr uin Udarás na Gaeltachta ann. Is í bhaile an Daingin an taon Poinnte Teangmhála nadúrtha atá againn sa toghacheantar seo agus sin mar is cheart dó a fhágaint. Más rud é go tagann méadú ar an toghacheantair titfidh an cheantair idir dhá stól gan aon poinnnte teangmhála soiléar .

3.Pobal Nadúrtha a chaomhnú.
Leithinis foirmeallach is ea toghacheantar an Daingin, go bhfuil daonra scaipithe ann, le poinnte teagmhála teoranta. Dá meadófaí an réigiúin tíreolaíochta, bheadh ar votóirí agus comhairleoirí smaoineamh ar cheisteanna i reigiúin gur bheag ceangal fisiciúil, sóisialta nó eacnamaíochta atá acu leis.Bheadh sé deacair tréithe cultúra agus teangan an réigiún seo a aistriú go réigiúin bunaithe eile. Ní fhéadfadh an coiste a cheapadh go ndéanfaí tréithe réigiún eile a shú isteach i gceantar an Daingin, ceantar go bhfuil 6,500 Gaeilgóirí ann.Ina theannta san tá toghacheantar ionlán an Daingean faoil láthair I nDáilcheantar Ciarraí Theas.

4.Mar fhocal scoir, tá toghacheantar an Daingin méadaithe thar a chúlchríoch nadúrtha. Chaithfí méadú mí-nadúrtha a dhéanamh air dá mbeadh sé I gceist ceathrar nó cúigear Comhairleoir a bheith ann. Má coiméadtar rudaí amr atá,cuirfidh sé ar chuamas ionadaithe áitiúla leanúint lena gcuid oibre agus ionadaíocht a dhéanamh ar son an limistéar ar fad.

Is mise le meas,

Máire Bean Uí Chonchúir.